Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0163(NLE)**

**10274/25**
**ADD 11**

**AELE 52**
**CH 18**
**MI 395**
**ESPACE 47**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Meitheamh 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 308 iarscríbhinn |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle<br>maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, pacáiste leathain comhaontuithe chun an caidreamh déthaobhach le Cónaidhm na hEilvéise a chomhdhlúthú, a dhoimhniú agus a leathnú, agus maidir le cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i nGníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 308 - Iarscríbhinn 11.

---

Encl.: COM(2025) 308 iarscríbhinn

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.6.2025
COM(2025) 308 final

ANNEX 11

# IARSCRÍBHINN

***a ghabhann leis an***

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, pacáiste leathain comhaontuithe chun an caidreamh déthaobhach le Cónaidhm na hEilvéise a chomhdhlúthú, a dhoimhniú agus a leathnú, agus maidir le cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i nGníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis**

DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH
ÓN AONTAS EORPACH AGUS Ó CHÓNAIDHM NA hEILVÉISE
MAIDIR LE hIDIRPHLÉ ARDLEIBHÉIL A BHUNÚ
I nDÁIL LEIS AN bPACÁISTE DÉTHAOBHACH LEATHAN
AGUS AN FHORBAIRT BHREISE A D'FHÉADFAÍ A DHÉANAMH
AR AN gCAIDREAMH DÉTHAOBHACH
IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS CÓNAIDHM NA hEILVÉISE

An tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise,

I bhFIANAISE na ndlúthnasc frithpháirteach eatarthu bunaithe ar a ngaireacht, ar a luachanna comhroinnte agus ar chultúr coiteann na hEorpa, chomh maith leis an bhfíoras go bhfuil a ngeilleagair idirnasctha go mór ó thaobh trádála agus infheistíochtaí de,

AG COMHROINNT an chuspóra maidir le rannchuidiú le feidhmiú rianúil agus forbairt leanúnach na comhpháirtíochta cuimsithí idir an tAontas Eorpach agus an Eilvéis a mhéid is féidir,

AG MEABHRÚ DÓIBH Chomhthuiscint an 27 Deireadh Fómhair 2023, idir ionadaithe ó Chomhairle Chónaidhme na hEilvéise agus ón gCoimisiún Eorpach, agus go háirithe mír 7 di,

Ag CUR IN IÚL gur díol sásaimh dóibh gur tugadh an chaibidlíocht maidir le pacáiste déthaobhach leathan chun a gcaidreamh a chobhsú agus a fhorbairt i gcrích i mí na Nollag 2024,

dearbhaíonn siad go mbunófar idirphlé ardleibhéil, a mbainfidh na gnéithe seo a leanas leis:

– beidh an Coimisinéir atá freagrach as an gcaidreamh leis an Eilvéis agus Ceann Roinn Cónaidhme Gnóthaí Eachtracha na hEilvéise ina gcomhchathaoirligh air;

- beidh sé d'aidhm aige comhthuiscint agus comhar a chur chun cinn maidir leis an bpacáiste déthaobhach leathan a caibidlíodh agus maidir leis an bhforbairt bhreise a d'fhéadfaí a dhéanamh ar a gcaidreamh déthaobhach;

- pléifidh sé saincheisteanna leasa fhrithpháirtigh, go háirithe rannpháirtíocht na hEilvéise sa mhargadh inmheánach agus féidearthachtaí chun an chomhpháirtíocht idir an Eilvéis agus an tAontas Eorpach a neartú; agus

- déanfaidh sé meastóireacht tráthrialta ar chur chun feidhme an phacáiste dhéthaobhaigh leathain, ar obair na gComhchoistí agus ar an bhforbairt bhreise a d'fhéadfaí a dhéanamh ar a gcaidreamh déthaobhach.

Beidh an t-idirphlé ardleibhéil ar siúl gach bliain, gach re seach san Eilvéis agus sa Bhruiséil, chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn agus chun an comhar a bheidh ann amach anseo a phlé. Déanfar an chéad idirphlé laistigh de 3 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an phacáiste dhéthaobhaigh leathain agus saineofar módúlachtaí mionsonraithe an phacáiste sin go comhpháirteach ar an ócáid sin.

Tá an Dearbhú Comhpháirteach seo gan dochar do bhunú idirphlé pholaitiúil ar ábhair a bhaineann leis an mbeartas eachtrach agus slándála idir Ardionadaí an Aontais Eorpaigh do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus Ceann Roinn Cónaidhme Gnóthaí Eachtracha na hEilvéise, a ndéileáiltear leis ar leithligh.

Arna shíniú [i/in/sa/san [áit]], an [dáta] i ndúblach i mBéarla agus i bhFraincis.

Thar ceann an Aontais Eorpaigh

Thar cheann Chónaidhm na hEilvéise